



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preasráiteas Press Statement

“Ceadanna Pleanála Ráithe 4, 2016” eisithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh

- ◆ I 2016, deonaíodh ceadanna pleanála i gcomhair 16,375 aonad tithíochta, méadú 26% ó 2015.
- ◆ Deonaíodh 21,099 cead pleanála san iomlán anuraidh, méadú 21% ar an líon ceadanna i 2015.
- ◆ Deonaíodh ceadanna pleanála i gcomhair 12,481 teach i 2016, méadú 22% ar 2015 agus an líon ab airde deonaithe ón mbliain 2009.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) tar éis sonraí a eisiúint inniu (15 Márta 2017) maidir le ceadanna pleanála do Ráithe 4, 2016.

Ag tagairt do na sonraí, deir Mary Heanue, Staitisteoir, “Deonaíodh Ceadanna Pleanála i gcomhair 12,481 teach i 2016 i gcomparáid le 10,250 ceann i 2015, méadú 22% ó bhliain go bliain. Is cúlú an méid seo ar an treocht a chonacthas le blianta anuas; tháinig laghdú ar cheadanna ón líon ab airde de 26,814 teach i 2009 go dtí an líon ab ísle de 5,389 teach i 2012.

“Deonaíodh Ceadanna Pleanála i gcomhair 3,894 aonad árasáin anuraidh i gcomparáid le 2,794 aonad i 2015; méadú bliantúil de 39%.

“8,251 aonad a deonaíodh sa chatagóir ‘Forbairt Tithíochta Iolrach’ i 2016, é sin i gcomparáid le 6,658 aonad i 2015; méadú 24% ó bhliain go bliain.

“Tithe aonuaire ab iad aon cheathrú d’aonaid tithíochta nua a deonaíodh cead pleanála dóibh i 2016.

“Ba é líon iomlán na ceadanna pleanála a deonaíodh i gcomhair forbairtí anuraidh ná 21,099, é sin i gcomparáid le 17,427 cead i 2015; méadú 21% ó bhliain go bliain. B’ionann an achar urláir iomlán i 2016 agus 5,586 míle méadar cearnach. As an méid seo, chuaigh 46% den achar d’aonaid tithíochta nua, 37% do dhéantúis úra eile agus 17% do shínte foirgnimh. Chonacthas méadú 15% ar an achar urláir iomlán pleanáilte anuraidh i gcomparáid le 2015.

“Tháinig fás ar Cheadanna Pleanála d’fhoirgnimh úra um úsáid Talmhaíochta go 1,741 cead i 2016, é éirithe ó 1,029 cead i 2015, méadú de 70%.”

Nóta d’eagarthóirí:

Tá fáil ar an bhfoilseachán iomlán ‘Planning Permissions Quarter 4, 2016’ ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh (www.cso.ie/en/baile). Is féidir teacht ar Shonraí Bliantúlaithe Ceadanna Pleanála do 2016 i Táblaí 5, 6 & 7 den eisiúint.

I gcomhair tuilleadh eolais is féidir teagmháil a dhéanamh le:

Mary Heanue (021 453 5714) nó Alan Finlay (021 453 5211) nó Sinead Leyden (021 453 5523).

An Phríomh-Oifig Staidrimh

15 Márta 2017

– CRÍOCH –



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12 X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000

Íosghlao 1890 313 414 (Éire)
0870 876 0256 (RAITÉ)
+353 21 453 5000

+353 21 453 5555

eolas@cso.ie
www.cso.ie/en/baile